

T'aire riot, a Riocaird Óig

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*, Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 22a]

1 T'aire riot, a Riocaird Óig,
ná tabhair cúl red chéadmhóid;
má tá ar bhreith a rádha ruibh,
cára bheith mar do bhábhair.

2 San riocht i rabhabhair riamh
bí id Riocard mhac Mheic Uilliam;
mairg do ghlac aoinchéim oile,
a shlat mhaoithréidh Mhucroimhe.

3 Olc do-ghéabhtha, a ghnúis iodhan,
an céadainm úd d'aithrioghadh,
d'éis ar bhuaidhaigh dod bhais ghil,
lais do-chuabhair i gcéimibh.

4 An brat as a bhfaghann fear
sláinte ghnáth, a ghnúis áilghean,
a dhámh ré bhánoirir Bhreagh,
grádhoighidh é mar eirreadh.

5 An t-ionadh i n-éir le neach
a mhaoin do bheith ar biseach,
a phosd cothaighthe is sé sin,
dochuirthe é dá imlibh.

6 An mac cuirtheas dá chrích féin
ón tír i n-oiltéar eiséin,
d'éis a oileamhna, a ghlac geal,
doidheaghla an mac 'sa mhuintéar.

7 Mar sin nár dhealoighthe dhoit
ret ainm ngnáth, red ghníomh n-ordhruic
ris gach mbuaidh dá mbíoth oraibh,
ós uaidh fríoth a bhfuarabhair.

8 A mheic Riocaird, a rún tais,
an t-ainm iasachta uarais
níor tháraidh tú dá tharbha
nár sháraigh clú an chéadanma.

9 Dá bhfaghthá ceannus Chláir Fhloinn,
níorbh fhiú dhuit, a dhreach shéaghoinn,
ainm allmhardha dá radh ruibh
fa chlár ndaghBhanbha id dhúthaigh.

10 Gidh mise féin - níorbh fhiú dhuid,
ar ainm nguasachtach ngaruid,
a ghríobh thadhaill bhruaigh Bhanbha,
nach faghaim uain th'agallmha.

11 Nách mó lámhaim [corrig. lamhaim] a rádh ruibh,
gémadh éiric im' aghaidh,
a ghéag oirnidhe ós fhuil Chuinn,
go bhfuil oirbhire eadruinn?

12 Mairg fhuair an t-aoighidh anma,
nó an reacht uathmhar allmhardha,
fá bhfuil sionn éadána ort,
a mhionn céaddhála Connocht.

13 Gi bé tír i dtuitfeadh sionn
fa rígh do ríoghaibh Éirionn,
bíodh nách sirfinn íoc im' fhuil,
do dhlighfinn díot mo dhíoghuil.

14 Do leith féin dá ndeachadh dhíom,
biaidh ort, a ua na n-airdríogh,
leith na ríoghna ó ghurt Ghailmhe
re lucht díoghla ar ndiomdhaidhne.

15 Dob annamh leinne is libh féin,
fuil Bhúrcach na mbreath soilléir,
laoich dá reich Éire d'fhaire,
bheith ré chéile ag corruighe.

16 A ndéandaois ar ndaoine riamh
do chiontaibh ar Chloinn Uilliam,
dúin do bhíodh eineaclann ann,
a ghríobh meidhealtrom Manann.

17 Ní cosmhail, dá leantaoi libh
lorg a bhfileadh re a bhflaithibh,
a mhionn séanta a Síodh Chnodhbha,
gan díol éarca mh'ionnshamhla.

18 Mar do-nídís romhaibh riamh
sgotha cumhra Clann Uilliam
déana, a choillbhile bheann mBreagh,
um cheann oirbhire t'fhileadh.

19 Crosmaoidne h'iomlaoid anma
ort a hucht na healadhna;
cóir car an athanma ar ais

suil rabh h'athardha it éagmais.

20 Faghaim arís id riocht féin
sibh, a chuinghidh Chláir ríNéill,
caite dheid roidhithneas roinn,
leig dod choimhightheas chugoinn.

21 Tú dob fhéathluinn d'iath Bhanbha
go bhfuair tú an t-ainm allmhardha;
níorbh fhiú sirriamhdhacht síl Chuinn
finnfhiadhGhort Ír gan fhéathluinn.

22 Do-rinnis malairt mheallta
d'iomlaoid ar nách inleanta,
a sduagh caithréimeach cnuic Bhreagh,
aithmhéileach duit a dhéineamh.

23 Meisde thú nách tarla ruibh
mac an ridire Fhrangcaigh,
lá an athanma dhaoibh do dháil,
do thaoibh h'athardha d'fhagháil.

24 Súr an domhain eacht eile
measais mac an ridire,
ar bhfionnachtain lúidh 'na láimh,
súil re hiongantaibh d'fhagháil.

25 Triallais tar toil a athar
an mac, gar mhó mearachadh?
gnúis mhear fa rodhaingne rún,
níor gheabh comhairle um chlaochlúdh.

26 Líog lóghmhar dár lán a ghlac
tug an t-athair don ógmhac;
fa lór a huaisle dh'obar,
a hór fuairse a fothragadh.

27 "Sir an bioth ó mhuir go muir
rem líg n-órtha," ar an t-athair;
"tabhair í, a ghéigmhíolla ghil,
don tí is éigríonna n-aignidh."

28 Ceileabhrais dá chairdibh gaoil,
dob é iomthús an mhacaoimh,
rún cathardha gan chéim dtais,
a athardha féin fágbhais.

29 Tarla an macaomh, gar mhó neart?
i ndiaidh an domhain d'imtheacht

dá ghnúis bhionnfhoclaigh mhín mhir,
i dtír iongantaigh éigin.

30 Do-chí uadha iolar slóigh,
do-chí an ríogcathroigh romhóir,
lán d'iolgháirtheibh cháich do-chluin
fán ráith slionnbhláithghil sochruidh.

31 Do-chluin ortha as a haithle -
fán gcathraigh gcaoimh gcumhdaighthe -
na tolcha láimh ris an lios,
gach re ngáir d'orchra is d'aoibhnios.

32 Fiarfaighis i bhfad amach,
ré ndul i gceann na cathrach,
don fhior dá dtarla ar tosoigh,
ciodh damhna na dálásain.

33 An fear céadna ris do ráidh :
“siad an lucht ad-chí id chomhdháil,
'na n-aicmeadhaibh druim ar dhruim,
lucht aitreabhaidh an fhearuin.”

34 “Béas coimhidheach ren cóir sgáth
atá is tíirse,” ar an t-óglách,
“bíodh nách bloghfa rí a riaghail,
ní bhí ortha acht aoinbhliadhain.”

35 “I gceann bhliadhna amuigh ar muir
fágbhaid é i n-oiléan diamhair,
mairg rígh dan hathardha í -
an tír chathardha ad-chíthí.”

36 “Feadh a saoghail ó so amach
biaidh gan charaid gan chumthach,
féach an truaighe ní fa nimh,
gach rí uaine dár imthigh.”

37 “Ag déanamh ríogh nuaidhe anioch
atá an tionólsa id thimchiol,
d'éis díochuirthe an ríogh roimhe,
gníomh síodhaighthe sochaidhe.”

38 “Rí nuaidhe dá dhéanamh dhóibh,
is é fós fáth a dtionóil,
na sluaighse red thaoibh tarla,
do thaoibh uaisle is athardha.”

39 “Na gáirthe do-chluine ag cách,

a n-íomthús,” ar an t-óglách,
“rí dá mhaidhimh ag druing dhíobh
ar druim chaoinidh an chéidríogh.”

40 Gluaisis an t-ógmhac ann soin
i gceann cháigh le a chloich n-uasoil;
an sduagh shuilbhir ghairthe ghlan
do chuimhnigh aithne an athar.

41 An lásoin i láimh an ríogh
tug an mac, gar mhó dimbríogh?
fás imreasain tríd do thuill,
an líg n-ilgheasaigh n-áluinn.

42 “Créad an fáth fa dtug tusa
im’ láimh an líg mbuadhasa,
nó an é a reic is damhna dhí,
a mheic amhra?” ar an t-airdrí.

43 “M’athair,” ar sé, “riom do ráidh, -
tabhair ar thúr an domhnáin,
a mheic, don óinmhid is fhearr
an óirlig deit do dháilseam.”

44 “Do-roinneadh leat go nua anois -
an chloich is uime fhuarois -
beart is neimhghlioca fa nimh,
a dhearc oighreata fhaoilidh.”

45 “Do ré fhada is th’oighreacht féin
do-rad tú, dia do dhíchéill,
a ghnúis shaoirniamhdha ós chionn cháigh,
do chionn aoinbhliadhna d’fhagháil.”

46 Do-bheir an t-airdrí dá aoidh
comhráite millse an mhacaimh,
an t-iúl fíre mar fuair soin,
an ríge uaidh do fhógair.

47 Do-bhéarainn í dod ghnúis ghil
dámadh liom cloch an chéidfhir,
a bhláth abhla Chinn Choradh,
re linn th’anma d’athrughadh.

48 Do dháilis, a chruth corcra,
ainm síor ar ainm n-iasachta;
a námha chnuic bhaillbhric Bhreagh,
dob aimhghlic dhuit a dhéineamh.

49 Dob fhiú a dtárrais ó thosaigh
don mhionn oirdhreic anmasoin
a chlaochládh nár dhéanta dhuit,
a réalta ó chaomhChlár Chormuic.

50 Tugais ris id Riocard Óg,
i n-aois naoidheanta i n-allód,
seal is tarbhaighe tug fear
ar fhud ghlanmhaighe Ghaoidheal.

51 Do caithtí leat eacht oile
lá ag argoin bhruaich Bhóroimhe,
lá fán mBúill dtirmshreabhaigh dtais,
lá ag inbhearaibh bhrúigh Bhearnais.

52 La i mBuanaid na mbuinneadh mbalbh,
lá eile i nlorrus Domhnann;
lá le taobh Theamhrach Midhe,
'sfa sheanLoch saor Seimhdidhe.

53 Comhmór do cuartaigheadh libh
bruaich Fhorbhair, imle Sligigh;
uatha soin go Cruachain Chuinn,
'só Chruachain soir go Sionuinn.

54 Do leanfaidhe lorg bhur n-each
ó rinn Eacla go hUisneach
gan duine do dhul dá shliocht
ó Bhun Duibhe go Deirgiort.

55 Adéardaais cách, a chruth fial,
nách fuightheá id mhac Mheic Uilliam,
bíoth gan ainm n-anaithnidh ort,
sbairn fa n-agmaibhthir t'umhlocht.

56 An t-ainm roimhe, a rí Cunga,
maith fuarais é d'athchuma
má fríoth cúis imdheargaidh uaidh
dod ghnúis fhinnleargaigh fhionnuair.

57 Slán th'eólach ó aois leanaibh
ní ar thalmhain gur thaidhleabhair
do ní budh ionghotha d'fhior,
a rí fhionnLocha Oirbsion.

58 A mheic Siobhán a Síoth Truim,
dá mbeith aimhréiteach eadruinn
gearr bhus inleanta uain air,
finnleargtha an ghruaidh suil ghríostair.